RAMELTON FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain



## Nuachtlitir Márta 2026

SAN EAGRÁN SEO



| | |
|---|---|
| Samhaltú Hiodrálach & Imscrúduithe Talaimh | Lch 2 |
| Roghnúchán & Gníomhaíochtaí | Lch 3 |
| Na Chéad Chéimeanna Eile | Lch 4 |


# An Scéal Is Déanaí

Seo an séú nuachtlitir déag do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí a rinneadh ó foilsíodh an nuachtlitir dheireanach, tá roghnúchán agus gníomhaíochtaí timpeallachta.

# Samhaltú Hiodrálach

Forbraíodh an tsamhail hiodrálach do Ráth Mealtain agus rinneadh tástáil uirthi. Ullmhaíodh Tuarascáil Hiodrálach do Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain.



Cora na Leanainne

# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

Sa tréimhse thuairiscithe dheiridh, mheas an fhoireann tionscadail gach tairiscint a fuarthas don Chonradh Imscrúdaithe Talaimh. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an chonradh i mí Aibreáin 2026.

I ndiaidh a cheaptha, déanfaidh an conraitheoir iarratas ar cheadúnas seandálaíochta ó Shéadchomharthaí Náisiúnta agus ar cheadúnas riachtanach ar bith eile le haghaidh oscailt agus druidim bóithre.

Déanfar teagmháil roimh ré leis na húinéirí talún a mbeidh tionchar orthu leis na hoibreacha imscrúdaithe beartaithe a phlé agus le rochtain a shocrú.

# Roghnúchán

Tá an fhoireann tionscadail i ndiaidh an tsamhail roghnúcháin tosaigh a chur i gcrích le riachtanais airde agus fairsinge (fad agus achar) na gcosaintí tuilte molta a shainaithint. Rinneadh roghanna a shamhaltú agus cuireadh na torthaí san áireamh sa tuairisc ar roghanna.

Tá fótamontáisí de shuíomhanna na Roghanna á bhforbairt. Cuirfidh an fhoireann tionscadail dearadh tírdhreacha agus caomhnaithe san áireamh sa chéad leasú eile den Tuairisc ar Roghanna.

Tá an fhoireann tionscadail ag ullmhú gach cáipéis agus líníocht le cur ar taispeáint ag an cheardlann chomhoibríoch agus ag an chomhairliúchán poiblí ar roghanna. Fógrófar sonraí na gcomhairliúchán poiblí atá le teacht sa nuachtlitir agus ar shuíomh gréasáin an scéime roimh ré.

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Déanfar suirbhéireachtaí éiceolaíochta breise le linn 2026 agus táthar ag súil go gcuirfear tús leo sin go luath san earrach. Cuideoidh siad seo leis an mheasúnú ar roghanna a threorú agus cuirfidh siad eolas ar fáil do na measúnachtaí timpeallachta atá riachtanach don chéim phleanála.

Nuair a thiocfaidh an rogha is fearr chun solais, rachaidh measúnú scóipe do shainsuirbhéireacht timpeallachta ar aghaidh, lena n-áirítear torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, agus an tírdhreach agus gnéithe amhairc.



Balsam Himiléach taobh le hÁrasáin Tanyard in 2024

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:

- **An Tuairisc Roghnúcháin a chur i gcrích**
- **Suirbhéireachtaí éiceolaíochta breise**
- **Samhaltú Hiodrálach ar Roghanna Faoisimh Tuilte.**
  **Tús a chur le hImscrúdú Talaimh ar an láthair**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Ráth Mealtain, is féidir sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**

## Ríomhphost

RameltonFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain
Ayesa Building 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat eolas ar bith eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin s'againn:**

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/